# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2019

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

1. Le linn na marcála ní mór cloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

2. Ní mór don Scrúdaitheoir Cúnta an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

4. Ní ceart don Scrúdaitheoir Cúnta aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

5. Dírítear aird an Scrúdaitheora Chúnta ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar **lch. 9** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh.

| **Roinn I** | **Cluastuiscint** | **(40 marc)** |
|---|---|---|

**N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** nuair nach gá sin.

## Treoracha

1. Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal/ na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta , glac leis mar fhreagra**.**

2. Maidir le ceisteanna a bhfuil pictiúr nó litir le roghnú mar fhreagra orthu ní féidir ach **pictiúr nó litir amháin a roghnú** i ngach cás.

**N**.**B**. Glac le **tic** (✓) **in aice nó ciorcal timpeall na litreach** sna ceisteanna a bhfuil sé sin i gceist iontu má tá an litir cheart roghnaithe.

*********************************************************************************

Tá **ceithre cheist déag** san áireamh i **Roinn 1** (An Triail Chluastuisceana).

## Cuid A (16 mharc)

Sé mhír eolais á lorg

**C.1.** ( An Chéad Chainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc
**C.2**. ( An Dara Cainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc

<u>Cuid A - C1. + C.2. = 16 mharc</u>

## Cuid B (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg

**C.1.** ( Fógra) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. ( Píosa Nuachta) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

<u>Cuid B - C1. + C.2. = 12 mharc</u>

## Cuid C (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg

**C.1.** ( Comhrá a hAon) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. (Comhrá a Dó) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

<u>Cuid C - C1. + C.2. = 12 mharc</u>

<u>Roinn I (An Triail Chluastuisceana) – Cuid A + Cuid B + Cuid C = 40 marc</u>

| Roinn II | Léamhthuiscint | 120 marc |
|---|---|---|

**Gach ceist gach le freagairt**:

**Ceist 1** = Meaitseáil = 30 marc
**Ceist 2** = Fógraí = 30 marc
**Ceist 3** = Sleachta leanúnacha = 60 marc

C.1 + C.2 + C.3 = 120 marc

**30**

**C.1** 30 marc = 3 mharc x 10 = 30 marc

**30**

**C.2** **Trí** Fhógra: Freagair do rogha **dhá cheann** de (**a**), (**b**), (**c**) = 15 + 15 = 30 marc

**(a)** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc = 5 x 3 = 15 mharc

**(b)** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc = 5 x 3 = 15 mharc

**(c )** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc = 5 x 3 = 15 mharc

Rogha **dhá cheann** de (**a**), (**b**), (**c**) = 15 + 15 = 30 marc

**60**

**C.3** **Dhá** Shliocht Leanúnach**:** Freagair (a) **agus** (b) = 30 + 30 = 60 marc

**(a)** (**i**) = 6 mharc + (**ii**) = 6 mharc + (**iii**) = 6 mharc + (**iv**) = 6 mharc + (**v**) = 6 mharc + (**vi**) = 6 mharc

= 6 mharc x 5 = 30 marc

**(b)** (**i**) = 6 mharc + (**ii**) = 6 mharc + (**iii**) = 6 mharc + (**iv**) = 6 mharc + (**v**) = 6 mharc + (**vi**) = 6 mharc

= 6 mharc x 5 = 30 marc

| Roinn III | Ceapadóireacht | 80 marc |
|---|---|---|

**Gach ceist le freagairt**:

**Ceist 4** = Cárta Poist = 20 marc
**Ceist 5** = Blag / Cuntas = 20 marc
**Ceist 6** = Litir *nó* Alt / Cuntas = 40 marc

C.4 + C.5 + C.6 = 80 marc

**Treoir** maidir le do chuid mharcála i Roinn III:

Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'. Feic lch **6-9**.

- ✓ **Eolas** = Comhlíonadh na bpointí atá luaite.
- ✓ **Gaeilge =** Cumas Cumarsáide /Aimsirí / Saibhreas Foclóra / Forbairt

20

## C. 4 Cárta Poist 20 marc

- **Eolas:** marc as 5 mharc
- **Gaeilge:** blocmharc as 15 mharc

> - Ní gá síniú ná beannú a bheith ann.
> - Bronn na marcanna eolais ar phointí loma.

20

## C. 5 Blag / Cuntas 20 marc

- **Eolas:** 1 mharc x 4 = 4 mharc
- **Gaeilge:** blocmharc as 16 mharc

40

## C. 6 Freagair (**a**) **Litir** *nó* (**b**) **Alt** / **Cuntas** 40 marc

**(a) Litir:**

- **Foirmlí:** = 4 mharc
- **Eolas:** 4 mharc x 2 = 8 marc
- **Gaeilge:** blocmharc as 28 marc

> **seoladh** = 1 mharc
> **dátaí** = 1 mharc
> **beannú** = 1 mharc
> **síniú scoir** = 1 mharc

**(b) Alt/Cuntas**

✓ **Eolas:** 2 mharc x 5 = 10 marc

[**Eolas** :pointe amháin eolais as gach sraith (bosca) + pointe eolais ar bith eile as sraith (bosca) ar bith]

✓ **Gaeilge:** blocmharc as 30 marc

**Treoir**: I **Roinn III** (**C.4**, **C.5**, **C.6**) má bhronntar '0'**(náid)** ar **Eolas** bronntar 0 (**náid**) ar **Ghaeilge.**

## Táblaí Coibhnis

Má tá pointí ar lár san **Eolas** i gCeist **1**, i gCeist **2** agus i gCeist **3** caithfidh **coibhneas** a bheith idir an marc don **eolas** agus an marc is airde gur féidir a bhronnadh ar an **nGaeilge.**

### **Ceist 4** (Cárta Poist)

| **Eolas** | **Marc don Ghaeilge** | **Grád** |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 3 mharc | A 3<br>B 2<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 6 mharc | A 5-6<br>B 4<br>C 3<br>D 2<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 9 marc | A 7-9<br>B 6<br>C 5<br>D 4<br>E 3<br>F 1<br>NG 0 |
| 4 phointe | as 12 marc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 5 phointe | as 15 mharc | A 13-15<br>B 10-12<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 1 |

# Ceist 5 Cuntas/Blag

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 4 mharc | A 3-4<br>B 3<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 8 mharc | A 7-8<br>B 6-7<br>C 4-5<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 12 marc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 4 phointe | as 16 marc | A 14-16<br>B 11-13<br>C 9-10<br>D 6-8<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |

## Ceist 6 (a) Litir

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 7 marc | A 6-7<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 14 mharc | A 12-14<br>B 10-11<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |
| 3 phointe | as 21 mharc | A 19-21<br>B 15-18<br>C 12-14<br>D 8-11<br>E 5-7<br>F 3-4<br>NG 0-2 |
| 4 phointe | as 28 mharc | A 24-28<br>B 20-23<br>C 15-19<br>D 11-14<br>E 7-10<br>F 4-6<br>NG 0-3 |

## Ceist 6 (b) Alt/Cuntas

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 6 mharc | A 6<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 12 mharc | A 10-12<br>B 9<br>C 7-8<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 18 marc | A 16-18<br>B 13-15<br>C 10-12<br>D 8-9<br>E 5-7<br>F 2-4<br>NG 0-1 |
| 4 phointe | as 24 mharc | A 21-24<br>B 17 -20<br>C 13-16<br>D 10-12<br>E 6-9<br>F 3-5<br>NG 0-2 |
| 5 phointe | as 30 marc | A 26-30<br>B 21-25<br>C 17-20<br>D 12-16<br>E 7-11<br>F 5-6<br>NG 0-4 |

## Oiriúntas Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an **Scéim Mharcála** le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag **Coimisiún na Scrúduithe Stáit** dóibh agus a bhfuil **réiltíní** in aice lena scrúduimhreacha ar na **Leatháin Mharcála**.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

1) Iarrthóirí a bhfuil cealú (waiver) ceadaithe dóibh maidir le **litriú** agus **gramadach**.
   **Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.**

2) Iarrthóirí a **d'úsáid**:
   - scríobhaí (scribe)
   - téipthaifeadán
   - próiseálaí focal nó ríomhaire**.**

   **Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.**

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le **litriú** agus **cruinneas gramadaí** sna freagraí ar na ceistean bhfuil a leithéid i gceist iontu, **i.e. Roinn III Ceapadóireacht: C.4, C.5, agus C.6.**
Ní chuirtear aon **phionós** ar **'drochlitriú'** ná ar '**easpa cruinnis sa ghramadach'** i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Cluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhthuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil **oiriúntais réasúnta faofa** dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a **mharcáil** sa **ghnáthshlí** d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 4, 5 agus 6 agus tugtar **luacháil chéimithe** don iarrthóir ansin. Féach thíos.

**Luacháil chéimithe** don iarrthóir a bhfuil **Oiriúntas Réasúnta** faofa dó/di:

**Ceist 4**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 13** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 14/15** | **→15mharc** |

**Ceist 5**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 15/16** | **→16mharc** |

**Ceist 6 (a) Litir**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 16 – 20** | + **3 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 21– 24** | + **4 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 25/26/27/28** | **→28 marc** |

**Ceist 6 (b) Alt/Cuntas**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 16 – 20** | + **3 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 21– 26** | + **4 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 27/28/29/30** | **→30 marc** |

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an **bhfreagarleabhar**, taobh **istigh** agus ar an **gclúdach** taobh **amuigh.**

DON SCRÚDAITHEOIR

| SCRÚDUIMHIR | 123456 | Iomlán na Marcanna | 200 |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2019

## GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL

(240 marc)

# FREAGRAÍ SAMPLACHA

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| **1.** Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | 200 |

**Nóta**:
Ní mór don mharc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis.

**CLUASTUISCINT**

| | CUID A | | CUID B | | CUID C | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceist** | 1 | 2 | 1 | 2 | 1 | 2 |
| **Marc** | 8 | 8 | 6 | 6 | 6 | 6 |

**DON SCRÚDAITHEOIR**

| ROINN | CEIST | MARC |
|---|---|---|
| II | 1 | 30 |
| | 2 | 30 |
| | 3 | 60 |
| III | 4 | 20 |
| | 5 | 20 |
| | 6 | 40 |
| IOMLÁN ☞ | | 200 |
| CLUASTUISCINT ☞ | | 40 |
| MÓRIOMLÁN ☞ | | 240 |
| GRÁD ☞ | | A |

| ROINN I | CLUASTUISCINT | (40 marc) |
|---|---|---|

**CUID A**

Cloisfidh tú giota cainte ó bheirt daoine óga sa chuid seo. Cloisfidh tú gach giota díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann tar éis gach giota a chloisfidh tú chun seans a thabhairt duit na ceisteanna a bhaineann le gach giota cainte a fhreagairt. Éist go cúramach leis na giotaí cainte agus líon isteach an t-eolas atá á lorg sna greillí ag **1** agus **2** thíos.

**1. An Chéad Chainteoir**

| **Ainm** | **Liam de Staic** | |
|---|---|---|
| Cá háit ar rugadh Liam? | **Cathair Luimnigh / Luimneach** | **3 mharc** |
| Cén spórt is aoibhinn le Liam? | **Iománaíocht** | **3 mharc** |
| Luaigh an saghas ceoil is spéis le Liam. | **Ceol traidisiúnta** | **3 mharc** |


**2. An Dara Cainteoir**

| **Ainm** | **Karolina Petrauskas** | |
|---|---|---|
| Cén bhliain a rugadh Karolina? | **2004** | **3 mharc** |
| Cén obair a dhéanann máthair Karolina? | **Dochtúir** | **3 mharc** |
| Cad is aoibhinn le Karolina? | **An Ghaeilge/cultúr Gaelach.** | **3 mharc** |

**CUID B**

Cloisfidh tú fógra agus píosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach ceann díobh **faoi dhó**.
Éist go cúramach leo. Beidh sos ann tar éis gach ceann a chloisfidh tú chun seans a thabhairt duit na ceisteanna a bhaineann le gach ceann acu a fhreagairt.

**1.** **Fógra**




(a) (b) (c) (d)

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bhfógra seo? c **= 3 mharc**

**(b)** Cén saghas siopaí a chuirfidh na héadaí ar fáil?

**(a)** Siopaí faisin
**(b)** Siopaí leabhar a **= 3 mharc**
**(c)** Siopaí grósaera
**(d)** Siopaí nuachtán **= 6 mharc**

**2.** **Píosa Nuachta**




(a) (b) (c) (d)

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? b **= 3 mharc**

**(b)** Cén dáta atá luaite?

**(a)** 20 Meán Fómhair 2018
**(b)** 24 Meán Fómhair 2018 c **= 3 mharc**
**(c)** 25 Meán Fómhair 2018
**(d)** 26 Meán Fómhair 2018 **= 6 mharc**

## CUID C

Cloisfidh tú **dhá** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír é an dara huair. Beidh sos ann tar éis gach míre díobh chun seans a thabhairt duit an cheist a bhaineann leis an mír sin a fhreagairt.

**1.** **Comhrá a hAon**

***An Chéad Mhír***




(a)




(b)



(c)



(d)

**(a)** Cá bhfaca Seosamh Máire aréir? **a** **= 3 mharc**

***An Dara Mír***

**(b)** Cén saghas cluiche a bheidh ar siúl ar an Domhnach?


- **(a)** Cluiche peile
- **(b)** Cluiche sacair
- **(c)** Cluiche iománaíochta
- **(d)** Cluiche camógaíochta

**d** **= 3 mharc**

**= 6 mharc**

**2.** **Comhrá a Dó**

***An Chéad Mhír***




(a)




(b)




(c)




(d)

**(a)** Cad atá le díol ag Ruairí? **b** **= 3 mharc**

***An Dara Mír***

**(b)** Conas a fuair Ruairí an giotár?

- **(a)** Cheannaigh sé i siopa ceoil é.
- **(b)** Fuair sé mar bhronntanas é.
- **(c)** Fuair sé óna dheirfiúr é.
- **(d)** Fuair sé ar iasacht é.

**b** **= 3 mharc**

**= 6 mharc**

| ROINN II | LÉAMHTHUISCINT | (40 marc) |
|---|---|---|

**Freagair gach ceist. Scríobh na freagraí ar na ceisteanna sna spásanna cuí ar an gceistpháipéar seo**.

**CEIST 1.** Meaitseáil na pictiúir agus na fógraí/comharthaí sna boscaí thíos agus scríobh na litreacha is fearr a fhreagraíonn do na huimhreacha, sna spásanna cuí ar an ngreille. **(30 marc)**

**1** **Caillte**
Fón póca

**2** **Siopa Seodra**
Fáinní
Praghsanna ísle

**3** **Aire**
**Sneachta trom**
Bóithre contúirteacha

**4** **Ranganna Cócaireachta**
Ar siúl gach Luan
7.30 p.m. – 9.00 p.m.

**5** **Cluichí ríomhaire**
Tá consól cluichí agam.

**6** **Garáiste**
Seirbhís gluaisteán
Is féidir brath orainn.

**7** **Teocht ard**
Cuir ort uachtar gréine.

**8** **Teach ar díol**
Trí sheomra codlata
084-487 543

**9** **Cúraimí an tí**
Cuidím le mo mham an teach a ghlanadh.


**10** **Traenáil Sacair**
Tar éis na scoile


























| Uimhir | Litir | Marc |
|---|---|---|
| 1 | H | 3 mharc |
| 2 | E | 3 mharc |
| 3 | G | 3 mharc |
| 4 | B | 3 mharc |
| 5 | A | 3 mharc |
| 6 | I | 3 mharc |
| 7 | D | 3 mharc |
| 8 | J | 3 mharc |
| 9 | F | 3 mharc |
| 10 | C | 3 mharc |

| **Don Scrúdaitheoir**<br>Iomlán reatha→ | |
|---|---|

**CEIST 2.** Freagair do rogha **dhá** cheann de **(a)**, **(b)**, **(c)**. **(30 marc)**

**(a)** Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# Uisce Éireann

**Bí cliste ó thaobh uisce de**
**Ní féidir déanamh gan é**

**Tábhacht an uisce don teaghlach chun**

- Ár dtithe agus ár gceantair a choimeád glan
- Éadaí agus gréithe tí a ní
- Cócaireacht a dhéanamh
- Go mbeidh uisce glan le hól againn

**Sábháil uisce sa ghairdín**

- Bailigh uisce báistí lena úsáid sa ghairdín
- Úsáid canna chun uisce a chur ar na plandaí
- Úsáid buicéad agus spúinse chun an carr a ní
- Ná fág an píobán uisce ar siúl

**Sábháil uisce sa teach**

- Cas as an sconna nuair atá tú ag scuabadh d'fhiacla
- Úsáid báisín uisce sa doirteal
- Coinnigh crúiscín uisce sa chuisneoir
- Déan an meaisín níocháin a líonadh go hiomlán

**Teagmháil**
**Fón**: 01-1597 304 **Ríomhphost**: eolas@uisceeireann.ie
**Brabhsáil**: www.uisceeireann.ie

**(i)** Luaigh tábhacht **amháin** atá le huisce don teaghlach. **5 mharc**

**Ár dtithe / ár gceantair a choimeád glan / Éadaí / gréithe tí a ní**
**Cócaireacht a dhéanamh / Go mbeidh uisce glan le hól againn.**

**(ii)** Luaigh úsáid **amháin** a bhaintear as uisce sa ghairdín. **5 mharc**

**Uisce a chur ar na plandaí / an carr a ní.**

**(iii)** Luaigh **dhá** bhealach gur féidir uisce a shábháil sa teach. **3+2 mharc**

**Cas as an sconna nuair atá tú ag scuabadh d'fhiacla / Úsáid báisín uisce sa doirteal**
**Coinnigh crúiscín uisce sa chuisneoir / Déan an meaisín níocháin a líonadh go hiomlán.**

| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | + | = | |
|---|---|---|---|

**(b)** Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

-70%

# An Siopa Troscáin

**Siopa ag oscailt den uair dheireanach ar an Aoine seo**

-70%

**Don Seomra Leapa**

Leapacha: €150
Cófraí: €100
Lampaí: €19.99
Vardrúis: €99.99

**Don Seomra Suí**

Toilg: €299
Seilfeanna leabhar: €59
Cathaoireacha uilleann: €99
Boird ísle: €89

**Don Chistin**

Boird: €99
Cathaoireacha: €12.99
Stólta: €10.99

**Tuilleadh eolais:**
**Fón**: 021-540 3179 **Ríomhphost**: ansiopatroscain@gmail.com
**Brabhsáil**: ansiopatroscain.ie

**(i)** Cén lá a bheidh an siopa ag oscailt den uair dheireanach? **5 mharc**

**An Aoine seo**

**(ii)** Cén praghas atá ar na leapacha? **5 mharc**

**€150**

**(iii)** Luaigh **dhá** shaghas troscáin atá ar díol don seomra suí. **3+2 mharc**

**Toilg / seilfeanna leabhar / cathaoireacha uilleann / boird ísle.**

**(c)** Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

TAYTO PARK

# Oscailte gach lá

**Iúil agus Lúnasa 9.30 a.m. – 7.00 p.m.**

### Páirc Spraoi

- Rollchóstóir Chú Chulainn
- Pictiúrlann 5D
- Ziplíne
- Monarcha Tayto

### An Zú

- Ainmhithe fiáine ó thíortha éagsúla
- Ainmhithe beaga agus móra
- Ainmhithe feirme
- Éin neamhghnácha

**Tuilleadh eolais:**
**Seoladh:** Tayto Park, Cill Bhrú, Cill Dhéagláin, Co. na Mí.
**Fón**: 01-5401 3179 **Ríomhphost**: eolas@taytopark.ie
**Brabhsáil**: www.taytopark.com

**(i)** Cathain a bhíonn *Tayto Park* oscailte gach lá? **5 mharc**

**Iúil agus Lúnasa**

**(ii)** Luaigh **dhá** shaghas ainmhí atá sa zú. **3+2 mharc**

**Ainmhithe fiáine ó thíortha éagsúla / ainmhithe beaga / ainmhithe móra ainmhithe feirme / éin neamhghnácha**

**(iii)** Cá háit a bhfuil *Tayto Park*? **5 mharc**

**Cill Bhrú, Cill Dhéagláin, Co. na Mí.**

**CEIST 3.** Freagair (**a**) *agus* (**b**) anseo. **(60 marc)**

**(a)** Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**

## Ariana Grande – réalta ceoil

**1.** Fiú mura maith leat amhráin ná scannáin is cinnte gur chuala tú caint ar Ariana Grande. Rugadh Ariana Grande sa bhliain 1993 in Florida sna Stáit Aontaithe. Joan is ainm dá máthair agus Edward is ainm dá hathair. Tá leasdeartháir amháin aici darb ainm Frankie. Nuair a bhí Ariana an-óg thaitin léi i gcónaí a bheith ar stáitse. Is minic a bhíodh sí ag canadh amhrán agus ag glacadh páirte i ndrámaí.

**2.** Agus í ina páiste bhíodh Ariana Grande ag aisteoireacht le *Fort Lauderdale Children's Theatre*. Is ansin a fuair sí a céad ról mór ar stáitse nuair a bhí an phríomhpháirt aici sa cheoldráma *Annie*. Sa bhunscoil ghlac Ariana Grande páirt in *The Wizard of Oz* agus *Beauty and the Beast*. Freisin chanadh Ariana amhráin i gcomórtais éagsúla agus bhuaigh sí roinnt acu. Bhí sí ar an teilifís cúpla uair i seónna éagsúla. Ba ghearr gur tugadh faoi deara go raibh bua speisialta aici.

**3.** Theastaigh uaithi a bheith ina haisteoir cáiliúil agus nuair a bhí Ariana Grande ceithre bliana déag d'aois thug sí aghaidh ar Los Angeles. Fuair Ariana an pháirt mar *Cat Valentine* sa seó teilifíse *Victorious* ar stáisiún *Nickelodeon*. D'éirigh go hiontach maith léi sa ról sin. Bhíodh 5.7 milliún duine ag breathnú go rialta ar *Victorious* agus ba ghearr go raibh Ariana Grande ina réalta. Tá sí tar éis páirt a ghlacadh i go leor cláir theilifíse agus i roinnt scannán ó shin.

**4.** Bhí níos mó suime ag Ariana Grande sna hamhráin agus mar sin bhí sí ag iarraidh albam a dhéanamh. Tá ceithre albam eisithe ag Ariana Grande go dtí seo. D'eisigh sí *Yours Truly* (2013), *My Everything* (2014), *Dangerous Woman* (2017) agus *Sweetener* (2018). D'éirigh thar barr le gach ceann acu. Bíonn a lán daoine ag breathnú ar a cuid físeán ceoil ar *YouTube* gach lá.

**5.** Bíonn Ariana Grande ag canadh ag ceolchoirmeacha ar fud an domhain. Díreach tar éis ceolchoirm a bhí aici i Sasana in 2017 phléasc buama agus maraíodh 23 duine. Chuir an eachtra sin isteach go mór uirthi. Ach mí ina dhiaidh sin bhí Ariana ar ais i Sasana arís ag canadh ag ceolchoirm mhór. Bailíodh os cionn €10 milliún de bharr na ceolchoirme chun cuidiú le muintir na ndaoine a maraíodh agus leo siúd a gortaíodh.
aon dabht ach gur réalta mór phopcheoil í Ariana Grande.

**(i)** Cad a thaitin le Ariana Grande nuair bhí sí an-óg? (**Alt 1**) **6 mharc**

**Thaitin léi i gcónaí a bheith ar stáitse / ag canadh amhrán / ag glacadh páirte i ndrámaí.**

**(ii)** Cad é an chéad ról mór a bhí ag Ariana Grande ar stáitse? (**Alt 2**) **6 mharc**

**An phríomhpháirt sa cheoldráma *Annie*.**

**(iii)** Cén fáth ar thug Ariana aghaidh ar *Los Angeles*? (**Alt 3**) **6 mharc**

**Theastaigh uaithi a bheith ina haisteoir cáiliúil.**

**(iv)** Conas a d'éirigh leis na ceithre albam a d'eisigh Ariana Grande? (**Alt 4**) **6 mharc**

**D'éirigh thar barr le gach ceann acu.**

**(v)** Cad a tharla díreach tar éis ceolchoirm Ariana Grande i Sasana in 2017? **(Alt 5)** **3+3 mharc**

**Phléasc buama agus maraíodh 23 duine.**

| Don Scrúdaitheoir<br>Iomlán reatha→ | + | = | |
|---|---|---|---|

**(b)** Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**

## Stephen Cluxton – Cúl báire

**1.** Is cúl báire é Stephen Cluxton. Imríonn sé sa chúl le club peile *Parnells* agus le foireann pheile Bhaile Átha Cliath. Tá clú agus cáil air de bharr a ghaiscí sa chúl. Is beag cúl a scaoileann sé isteach. Chomh maith leis sin tá sé an-chruinn ag ciceáil na liathróide. Is féidir leis duine dá chuid imreoirí féin a aimsiú le beagnach gach cic amach. Freisin is minic a scórálann sé pointí ó chiceanna daichead a cúig agus ó chiceanna saora.

**2.** Rugadh Stephen Cluxton i mBaile Átha Cliath i 1981. D'imir sé sacar agus badmantan le linn a óige. D'fhreastail Stephen ar scoil náisiúnta *St. David's* in Ard Aidhin. D'imir sé sacar sa bhunscoil agus le club sacair *Tolka Rovers*. Ina dhiaidh sin nuair a bhí Stephen i meánscoil *St. David's CBS*, thosaigh sé ag imirt peil Ghaelach. Sna tosaithe a bhíodh sé ag imirt ar dtús. Lá amháin ní raibh cúl báire na scoile ar fáil agus d'imir Stephen sa chúl ina áit. Tá sé ag imirt sa chúl ó shin.

**3.** D'fhreastail Stephen Cluxton ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Bhain sé céim amach san eolaíocht. Is múinteoir eolaíochta anois é. D'imir sé sa chúl le foireann pheile na hollscoile agus bhuaigh siad corn *Sigerson* in 2006. Thosaigh Stephen Cluxton ag imirt le foireann pheile Bhaile Átha Cliath in 2001. Tá geansaí uimhir a haon Bhaile Átha Cliath caite aige níos mó na céad uair ó shin.

**4.** Ceapadh Stephen Cluxton ina chaptaen ar fhoireann pheile Bhaile Átha Cliath in 2013. Ó shin i leith tá sé tar éis corn *Sam Maguire* a ardú ceithre bliana as a chéile. Sin gaisce nach ndearna aon duine eile riamh. Bronnadh gradam *All Star* air cúig huaire agus d'imir sé d'Éirinn in aghaidh na hAstráile faoi na Rialacha Idirnáisiúnta.

**5.** Deirtear gurb é Stephen Cluxton an cúl báire is fearr riamh. D'athraigh sé ról an chúil báire, go háirithe ó thaobh chruinneas a chiceanna amach agus, ar ndóigh, pointí tábhachtacha a scóráil ó chiceanna saora. Tá deis anois ag Stephen Cluxton agus ag foireann pheile Bhaile Átha Cliath gaisce eile a dhéanamh – corn *Sam Maguire* a ardú don chúigiú bliain as a chéile.

**(i)** Cén clú agus cáil atá ar Stephen Cluxton? (**Alt 1**) **6 mharc**
**Tá clú agus cáil air de bharr a ghaiscí sa chúl / is beag cúl a scaoileann sé isteach / tá sé an-chruinn ag ciceáil na liathróide / is féidir leis duine dá chuid imreoirí féin a aimsiú le beagnach gach cic amach / is minic a scórálann sé pointí ó chiceanna daichead cúig / Is minic a scórálann sé pointí ó chiceanna saora.**

**(ii)** Ainmnigh **dhá** spórt a d'imir Stephen Cluxton le linn a óige. (**Alt 2**) **3 + 3 Mharc**
**Sacar agus badmantan.**

**(iii)** Cén bhliain a thosaigh Stephen Cluxton ag imirt le foireann pheile Bhaile Átha Cliath? (**Alt 3**)
**2001**

**(iv)** Luaigh gaisce atá déanta ag Stephen Cluxton nach ndearna aon duine eile riamh. (**Alt 4**) **6 mharc**
**Tá sé tar éis corn *Sam Maguire* a ardú ceithre bliana as a chéile mar chaptaen.**

**(v)** Cad a deirtear faoi Stephen Cluxton? (**Alt 5**) **6 mharc**
**Gurb é Stephen Cluxton an cúl báire is fearr riamh.**

| ROINN III | SCRÍOBH NA TEANGA | (40 marc) |
|---|---|---|

**FREAGAIR GACH CEIST.**

**CEIST 4.** **(20 marc)**

Tá tú ar chúrsa cócaireachta. Scríobh **cárta poist** chuig do chara faoi.

Luaigh na pointí seo a leanas ar an gcárta:

- an áit a bhfuil an cúrsa cócaireachta ar siúl
- an saghas cócaireachta atá ar siúl
- an aimsir
- rud amháin faoin gcúrsa cócaireachta nach maith leat
- an lá a fhillfidh tú abhaile.



**Scríobh an freagra sa bhosca anseo thíos**.

**CÁRTA POIST** | | **Stampa**

**Na Marcanna don Eolas (marc as 5 mharc)**

| | |
|---|---|
| Cúig cinn de na pointí eolais luaite | = 5 mharc |
| Ceithre cinn de na pointí eolais luaite | = 4 mharc |
| Trí cinn de na pointí eolais luaite | = 3 mharc |
| Dhá cheann de na pointí eolais luaite | = 2 mharc |
| Ceann amháin de na pointí eolais luaite | = 1 mharc |

**Na Pointí Eolais/ Tascanna luaite**

P1: an áit a bhfuil an cúrsa cócaireachta ar siúl
P2: an saghas cócaireachta atá ar siúl
P3: an aimsir
P4: rud amháin faoin gcúrsa cócaireachta nach maith leat
P5: an lá a fhillfidh tú abhaile.

- **Eolas =** Comhlíonadh na bpointí atá luaite = marc as 5 mharc.
- Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.
- **N.B**. Má tá sé soiléir nach bhfuil an t-iarrthóir ag freastal ar **chúrsa cócaireachta, bain (-3 mharc) den mharc a bronnadh** mar níl an tasc comhlíonta.
  **• Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide:**15 mharc**
- '0'**(náid)** ar eolas ➔ '0'**(náid)** ar Ghaeilge.
- Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'.

**Eolas: 5 mharc**

**Gaeilge: 15 mharc**

| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | + | = | |
|---|---|---|---|

**CEIST 5** **(20 marc)**

Is tusa Aoife *nó* Brian sna pictiúir thíos. Scríobh cuntas / blag faoi na rudaí a tharla sna **pictiúir 1 - 4**.




| Pictiúr 1 | Pictiúr 2 | Pictiúr 3 | Pictiúr 4 |
|---|---|---|---|
| Cuireadh | Glacadh leis an gcuireadh | Imeachtaí | Ar an mbealach abhaile |

Luaigh **sa chuntas / sa bhlag:**

- **an fáth a raibh tú ar an bhfón (Pictiúr 1)**
- **cad a tharla ansin (Pictiúr 2)**
- **cuntas ar an lá. (Pictiúr 3 nó Pictiúr 4**

**Cuntas / Blag**

**Lá le mo chairde**

**Eolas = Comhlíonadh na bpointí atá luaite = marc as 4 mharc.**
**Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.**
**N.B. Muna ndéantar tagairt do 'Pictiúr 3' agus 'Pictiúr 4' bain (-3 mharc) den mharc a bronnadh mar níl an tasc comhlíonta.**

**Na Marcanna don Eolas (marc as 4 mharc)**
**Ceithre cinn de na pointí eolais luaite = 4 mharc**
**Trí cinn de na pointí eolais luaite = 3 mharc**
**Dhá cheann de na pointí eolais luaite = 2 mharc**
**Ceann amháin de na pointí luaite = 1 mharc**

✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: **blocmharc as 16 mharc**

✓ '0'**(náid)** ar eolas ➔ '0'**(náid)** ar Ghaeilge.

✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'


**Eolas: 4/4**
**Gaeilge: 16/16**

| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | + | = | |
|---|---|---|---|

**CEIST 6.** Freagair **(a) Litir** *nó* **(b) Alt / Cuntas** anseo. **(40 marc)**

**Litir**

Tá rothar nua agat. Scríobh litir chuig cara leat ag insint dó/di faoin rothar.




**Na Pointí Eolais / Tascanna luaite**

**P.1** conas a fuair tú an rothar (pictiúr 1)
**P.2** cad a rinne tú ansin (pictiúr 2)
**P.3** cad a tharla taobh amuigh den scoil (pictiúr 3)
**P.4** cad a rinne na gardaí. (pictiúr 4)

- ✓ **Eolas** = as 8 marc (2 mharc x 4) = 8 marc
- ✓ Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.

**Na Marcanna don Eolas (marc as 8 mharc)**

Ceithre cinn de na pointí eolais luaite = 8 marc
Trí cinn de na pointí eolais luaite = 6 mharc
Dhá cheann de na pointí eolais luaite = 4 mharc
Ceann amháin de na pointí luaite = 2 mharc

**Foirmlí: = 4 mharc**
seoladh = 1 mharc
dáta = 1 mharc
beannú = 1 mharc
síniú scoir = 1 mharc

- ✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: blocmharc as **28 marc**
- ✓ ‘0’**<u>(náid)</u>** ar eolas □0’**<u>(náid)</u>** ar Ghaeilge.
- ✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar ‘**Eolas**’ agus an marc a bhronntar ar ‘**Gaeilge**’

**F = 4/4**
**E = 8/8**
**G =28/28**
**[C.6 (a) = 40]**

**(b)** **Alt / Cuntas** (15 líne nó mar sin).

Is tusa Bríd *nó* Dónall, duine de na daoine óga sna pictiúir thíos. Scríobh síos an scéal atá léirithe sa tsraith pictiúr. Is tusa atá ag insint an scéil.




- 5 Phointe eolais
- Pointe amháin as gach aon phictiúr
- Is féidir leis an gcúigiú pointe a bheith as pictiúr ar bith

**Gaeilge:**

✓ Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: **blocmharc as 30 marc**

✓ ‘0’**(náid)** ar eolas = ‘0’**(náid)** ar Ghaeilge.

✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar ‘**Eolas**’ agus an marc a bhronntar ar ‘**Gaeilge**’

**E = 10/10**
**G = 30/30**
**[C.6 (b) = 40]**